Siad príomhfheidhmeanna an Rannóg Pobail & Fiontair ná tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí na Comhairle agus do Bhord Forbartha Chontae Phort Láirge agus a bhfo-struchtúirí; comhordú seirbhís áitiúla a mhéadú agus a chur chun cinn; ag obair go dlúth leis an Earnáil Fhorbartha Áitiúil, an Earnáil Phoiblí, an Earnáil Stáit agus na Páirtneirí Sóisiala; agus a chinntiú go bhfuil pobail áitiúla curtha ar an eolas mar gheall ar ghníomhaíochtaí na n-údarás áitiúil trí Fhóram Pobail an Chontae, tríd na meáin agus beartais eile.

3.4.8 Leabharlann Dhún Garbhán & Leabharlann na Trá Móire

Tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís Leabharlainne freastal ar riachtanais eolais, oideachais, chultúrtha agus caithimh aimsire an phobail trí ghréasán de Bhrainteabharlanna agus trí sheirbhís a sholáthar do bhunscoileanna an chontae.

3.4.9 Seirbhís Chartlainne

Soláthraíonn Cartlann an Chontae rochtain ar thaifid a bhaineann le riaracháin phoiblí agus le heagraíochtaí le baint acu le Contae Phort Láirge.

Beidh na Liostaí Tuairisciúla do bhailiúcháin de thaifid i nGaeilge curtha ar fáil i nGaeilge le linn saolré na scéime seo.

3.5 Rannóga a oibríonn trí Bhéarla amháin

Leagann an roinn seo a leanas amach feidhmeanna/gníomhaíochtaí na Rannóga dá dtagraítear thuas nach bhfuil i riocht seirbhís duine le duine a sholáthar do chustaiméirí trí Ghaeilge.

3.4.5 Road Transportation and Safety

The overall objective of the Roads Section is to develop a public road network adequate to cater for the ever-increasing volume of modern traffic, with due regard for the safety and amenity of all road users.

3.4.6 Sanitary Services

The supply of water and sewerage services is administered by the Sanitary Services Section. This section is also responsible for Council Burial Grounds and Beach Management.

3.4.7 Community and Enterprise

The main functions of the Community & Enterprise Section include supporting the activities of the Council and the Waterford County Development Board and its sub-structures; enhancing and promoting local service co-ordination; working closely with Local Development Sector, Public Sector, State Sector and the Social Partners and ensuring that local communities are informed on local authority activities through the County Community Forum, media and other measures.

3.4.8 Dungarvan Library & Tramore Library

The library service has the objective of meeting informational, educational, cultural and recreational needs of the community through a network of Branch Libraries and the delivery of a service to primary schools in the county.

3.4.9 Archive Service

The County Archive provides access to the records of local administration and organisations of County Waterford interest.

Descriptive Lists for collections of records in Irish will be provided in Irish during the lifetime of this scheme.

3.5 Sections Providing an English language only service

The following sets out the functions/activities of the Sections referred to above that currently are not in a position to provide a one-to-one service to customers through the Irish language.

Maidir leis na rannóga seo, tabharfar faoi obair ullmhúcháin chun tús a chuir leis an bpróiseas chun seirbhís trí Ghaeilge a fhorbairt le linn saolré na scéime seo. Tabharfar faoin obair ullmhúcháin seo agus aghaidh á dtabhairt ar an gceist a bhaineann le seirbhís d'ardchaighdeán duine le duine a sholáthar do chustaiméirí trí Ghaeilge ó na hoifigí seo sa dara scéim agus i scéimeanna ina dhiaidh sin. Go sonrach, déanfar iniúchadh foirne chun leibhéal Ghaeilge na foirne ar fad a fháil amach agus cuirfear oiliúint ar fáil chun cumas foirne sa Ghaeilge a fheabhsú.

3.5.1 Ceannteathrú na Leabharlainne, An Lios Mór agus brainsleabharlanna eile (seachas Dún Garbhán agus Trá Mhór)

Tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís Leabharlainne freastal ar riachtanais eolais, oideachais, chultúrtha agus caithimh aimsire an phobail trí ghréasán de Bhrainsleabharlanna agus trí sheirbhís a sholáthar do bhunscoileanna an chontae.

3.5.2 Oifigeach Oidhreacht

Sé ról an Oifigigh Oidhreacht ná cabhrú le cosaint, caomhnú agus le feabhsú Oidhreacht Chontae Phort Láirge trí shonraí a bhailiú, trí mhórtas a chur chun cinn agus trí ghlacadh le modhanna forbartha inbhuanaithe.

3.5.3 Cuspóirí Ginearálta

Tá an rannóg seo mar chuid den mór Rannóg Seirbhísí Corporáideacha. Siad na príomh-sheirbhísí a chuirtear ar fáil ná Deontais Ardoideachais, Saincheadúnais, Cruinnithe Comhairle agus Coistí, Riaracháin Fhoirgintí, Cróinéirí agus Coistí Cróinéara, Imeachtaí Cathartha, Corrrhádáil, Saoráil Faisnéise agus Gearáin.

3.5.4 Rannóg Seirbhísí Dóiteáin

Bíonn Seirbhís Dóiteáin Chontae Phort Láirge ag deileáil le Smachtú & Freagra Éigeandála, Sábháilteacht Tine, Cosc Tine, Smachtú Tógála agus Cosaint Shibhialta.

In relation to these sections, preparatory work will be carried out to begin the process of building a service through Irish within the lifetime of scheme. This preparatory work will be carried out with a view to addressing the issue of the provision of a quality one-to-one customer service through Irish from these offices in the second and subsequent language schemes. In particular, a staff audit will be carried out to ascertain the level of Irish of all staff and training will be provided to improve staff competence in the Irish language.

3.5.1 Library HQ Lismore and other branch libraries (besides Dungarvan & Tramore)

The library service has the objective of meeting informational, educational, cultural and recreational needs of the community through a network of Branch Libraries and the delivery of a service to primary schools in the county.

3.5.2 Heritage Officer

The role of the Heritage Officer is to assist in the protection, conservation and enhancement of the Heritage of County Waterford through the collection of data, promotion of pride and adoption of sustainable methods of development.

3.5.3 General Purposes section

This section forms part of the overall Corporate Services Section. The main services provided are Higher Education Grants, Franchise, Council Meetings & Committees, Buildings' Administration, Coroners and Inquests, Civic Events, Casual Trading, Freedom of Information and Complaints.

3.5.4 Fire Services Department

Waterford County Fire Service deals with Fighting & Emergency Response, Fire Safety, Fire Prevention, Building Control and Civil Defence.

3.5.5 Acmhainní Daonna (Pearsanra)

Sé príomh-fheidhm an Rannóg Acmhainní Daonna ná Pleanáil Daonchumhachta, sé sin acmhainní foirne a bhainistiú ar mhaithe le feidhmiú éifeachtach na heagraíochta, pleanáil i gcomhair earcaíochta, úsáid foirne agus scor as oifig san áireamh. I measc na seirbhísí a cuirtear ar fáil tá: Oiliúint & Forbairt Foirne; Caidreamh Tionsclaíoch; agus Sláinte, Sábháilteacht agus Leas.

3.5.6 Oifigí Cathartha an Leasa Mhóir & na Trá Móire & Oifig Limistéir Phort Chládhach

Tá roinnt oifigí limistéir ag Údarás Áitiúla Chontae Phort Láirge ar fud an chontae, oifig amháin i gcomhair gach Toghcheantar, mar chuid den ghealltanas chun seirbhís níos inrochtana agus níos áitiúla a chur ar fáil don gcustaiméar. Tá oifigí limistéir lonnaithe sa Trá Mhór, i bPort Chládhach agus sa Lios Mór, le riaracháin Dhún Garbhán agus Choill Mhic Thomáisín ag tarlú ó na hOifigí Cathartha i nDún Garbhán.

3.5.7 Comhairle Baile Dhún Garbhán

Bíonn Comhairle Baile Dhún Garbhán ag plé le riaracháin sheirbhísí poiblí taobh istigh de cheantar uirbeach Dhún Garbhán. Tá a hoifigí riaracháin lonnaithe in Oifigí Cathartha Chomhairle Contae Phort Láirge, Cé Dáibhead.

3.5.8 Ionad Ealaíon

Is spás amhairc é Ionad Ealaíon Seanteach an Mhargaidh go príomha, ina mbíonn clár de thaispeántais áitiúla, náisiúnta agus chuartaíochta i rith na bliana, a athraítear go míosúil. Soláthraíonn an Ionad seirbhís ghinearálta faisnéise ealaíona freisin. Taispeánann Club Scannánaíochta Seanteach an Mhargaidh Scannáin 'Arthouse' san Amharclann 50 suíochán, Seomra de Paor agus tá Seirbhísí Ealaíne de chuid Chomhairle Contae Phort Láirge ar fáil san Ionad Ealaíon freisin.

3.5.9 Seirbhísí Airgeadais: Cuntais, Bailiú Ioncaim agus Rátaí

Seo a leanas na príomh sheirbhísí a chuireann an Rannóg Airgeadais ar fáil: Cuntasaíocht Airgeadais & Bainistíocht - ina measc ullmhúcháin an Bhuiséid Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais Bhliantúil; rialú Buiséid agus tuairisciú airgeadais; Tuairisceáin Airgeadais, idir inmheánach agus seachtrach; Íocaíochtaí Creidiúnaithe agus Bailiú Ioncaim.

3.5.5 Human Resources (Personnel)

The Human Resources Section's main function is Manpower Planning, which involves the management of the staff resources for the effective operation of the organisation, including planning for recruitment, deployment and retirements. Services provided include: Staff Training & Development; Industrial Relations; and Health, Safety and Welfare.

3.5.6 Lismore & Tramore Civic Offices & Portlaw Area Office

Waterford Local Authorities have a number of area offices throughout the county, one office for each Electoral Area, as part of the commitment to providing a more accessible, localised service to the customer. Area offices are currently located in Tramore, Portlaw and Lismore, with Dungarvan and Kilmacthomas being administered from the Civic Offices in Dungarvan.

3.5.7 Dungarvan Town Council

Dungarvan Town Council deals with the administration of public services within the urban area of Dungarvan. Its administrative offices are located in Waterford County Council's Civic Offices, Davitt's Quay.

3.5.8 Arts Centre

The Old Market House Arts Centre is primarily a visual space hosting a year round programme of local, national and touring exhibitions which change monthly and also provides a general arts information service. The Old Market Film Club screens arthouse cinema in it's 50 seater theatre. Seomra de Paor and the Arts Centre also houses the Arts Services of Waterford County Council.

3.5.9 Financial Services: Accounts, Revenue Collection and Rates

The following areas are the main services provided by the Finance Section: Financial & Management Accounting - including preparation of Annual Budget and Annual Financial Statement; Budgetary control and financial reporting; Financial Returns, internal & external; Creditors Payments and Revenue Collection.

3.5.10 Rannóg Teicneolaíocht an Eolais

Tá an rannóg seo freagrach as soláthar agus cothabháil ghréasáin ríomhaireachta agus riachtanais theicneolaíochta eolais Údaráis Áitiúla Chontae Phort Láirge. Tá Rannóg Teicneolaíocht an Eolais freagrach freisin as forbairt agus cothabháil láithreáin ghréasáin na Comhairle.

3.5.11 Pleanáil & Forbairt

Sé ról an Rannóg Pleanála & Forbartha ná “soláthar a dhéanamh do chóras pleanála fisiciúil a bheadh ábalta cuspóirí eacnamaíoch agus sóisialta a aistriú isteach i bhfoirgintí agus saghasanna eile forbartha, ag tabhairt prionsabail na hinbhuaine san áireamh.” I measc na seirbhísí a cuirtear ar fáil ná scríobh agus athbhreithniú a dhéanamh ar Phleananna Forbartha an Chontae, chomh maith le hoidhreacht ailtireachta an chontae a chaomhnú.

Beidh an pacáiste iarratais pleanála reatha ar fáil i bhfoirm iomlán dátheangach le linn saolré na scéime seo.

3.5.10 IT Section

This section is responsible for the provision and maintenance of Waterford County Local Authorities' computer network and information technology requirements. The IT section is also responsible for the development and maintenance of the Council's website.

3.5.11 Planning & Development

The role of the Planning and Development Section is “to provide for a system of physical planning capable of the translation of economic and social objectives into buildings and other types of development having regard to the principles of sustainability.” Services provided include the making and reviewing of County Development Plans and Local Area Plans and the preservation of the counties' architectural heritage.

The current planning application package will be available in a completely bilingual format, during the lifetime of this scheme.

Caibidil 4

Feabhas ar Sheirbhísí a Sholáthrófar go Dátheangach

4.1 Polasaí Ginearálta

Tá Údarás Áitiúla Chontae Phort Láirge tiomanta líon leordhóthanach foirne a bheidh inniúil seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge a bheith i ngach rannóg de chuid na nÚdarás a mbíonn ag deileáil go rialta leis an bpobal.

Is é an chéad chéim a chaithfear a dhéanamh ná atmasféar an dátheangachais a chruthú agus a chothú taobh istigh de gach rannóg sa Chomhairle ionas go mothóidh custaiméirí a labhrann Gaeilge go bhfuil fáilte rompu agus go spreagtar iad chun a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge ionas go mothaíonn idir chustaiméirí agus lucht foirne compórdach gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Tá sé i gceist soláthar na seirbhíse Gaeilge a fhógairt sna rannóga sin trí shonraí teagmhála do chustaiméirí a fhógairt ar an láithreán gréasáin agus trí infhaighteacht na seirbhíse a fhógairt ag na pointí teagmhála custaiméara (cuntar). Beidh sé de thionchar breise leis sin go spreagfar muinín an phobail go bhfuil seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil i nGaeilge agus tiocfaidh an t-éileamh foluiteach sin atá ann ar sheirbhísí trí Ghaeilge chun cinn.

Chapter 4

Enhancement of Services to be Provided Bilingually

4.1 General Policy

Waterford County Local Authorities are committed to securing an adequate number of staff competent to provide a service through Irish in all sections of the Authorities that deal regularly with the public.

The primary deliverable will be to create and foster an atmosphere of bilingualism within all sections of the Council so that Irish speaking customers feel welcome and are encouraged to do their business in Irish and so that both customers and staff feel comfortable in conducting their business through the Irish language.

It is proposed to promote the availability of an Irish language service in the various sections by listing contact details on the website for customers and by advertising the availability of the service at the customer contact points (counter). This will have the additional effect of promoting public confidence in the availability of a quality customer service in Irish and unlocking latent demand for services in Irish.

4.2 Teicneolaíocht an Eolais

Maidir le caidreamh leictreonach, déanfaidh Údarás Áitiúla Chontae Phort Láirge cinnte de go mbeidh na polasaithe seo a leanas curtha i bhfeidhm:

- Beidh aon séanadh nó teachtaireacht caighdeánach ar chomhfhreagras ríomhphoist dátheangach faoi dheireadh na bliana 2005.
- Cinnteoidh na hÚdarás Áitiúla go mbeidh aon chórais ríomhaire nua a cheannófar ar bhonn neamhspleách amach anseo in ann deileáil leis an nGaeilge, más gá; agus déanfar cinnte freisin (chomh fada is atá sé faoina smacht) go ndéanfar na córais eile atá ann cheana comhoiriúnach le linn saolré na scéime seo.
- Seoladh ríomhphoist cineálaigh a bhunú d'fhiosruithe i nGaeilge. Cinnteoidh na hÚdarás Áitiúla go dtabharfar aird ar fhiosruithe den tsórt sin chomh pras céanna leis na fiosruithe i mBéarla.
- Beidh aon chórais nua idirghníomhacha géilliúil don teanga agus déanfar uasghrádú ar na córais atá ann (chomh fada is atá siad faoi smacht na Comhairle), le linn saolré na scéime seo.

4.3 Earcú agus Socrúchán

Tabharfaidh an Rannóg Acmhainní Daonna aghaidh ar cheist na Gaeilge maidir le hearcaíocht, le hoiliúint agus le bainistíocht foirne. Tógfar na céimeanna seo a leanas:

- Déanfar ár bpolasaithe earcaíochta agus so-aistritheacht foirne a athbhreithniú i gcomhthéacs postanna taobh istigh d'Údarás Áitiúla Chontae Phort Láirge faoina mbeidh líofacht i nGaeilge (scríobh agus labhairt araon) ina riachtanas lárnach agus go háirithe i gcomhthéacs na ngealltanas faoi leith atá tugtha sa scéim. Tabharfar faoi aon athbhreithniú den tsaghas seo tríd an bpróiseas comhpháirtíochta.
- Tógfar riachtanais agus dualgais gach rannóg maidir le bheith in ann seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil trí Ghaeilge san áireamh nuair atá baill foirne á socrú nó á lonnú taobh istigh den eagraíocht.

4.2 Information Technology

In relation to electronic communication, Waterford Local Authorities will ensure that the following policies will be implemented:

- Any standard disclaimer or message on e-mail correspondence will be bilingual by the end of 2005.
- The Local Authorities shall ensure that any new computer software being purchased independently is fully capable of handling the Irish language, if necessary, and it will also ensure (in so far as it is under its control) that existing systems are made compatible within the lifetime of this scheme.
- Establish a generic e-mail address for queries 'as Gaeilge'. The Local Authorities will ensure that such queries are addressed promptly in the same manner as English language queries.
- Any new interactive systems will be language compliant and existing systems upgraded (in so far as it is under the Council's control) within the lifetime of this scheme.

4.3 Recruitment & Placement

The Human Resources Section will address the issue of the Irish language in relation to recruitment, training and management of staff.

The following steps will be taken:

- We will review our recruitment and staff mobility policies in the context of posts within Waterford Local Authorities where proficiency in the Irish language (both written and oral) is an essential requirement and especially in the context of specific commitments made in the scheme. Any such review will take place through the partnership process.
- The requirements and obligations of each section in relation to being able to provide a high quality service through Irish will be taken into account when placing or deploying staff within the organisation.

4.4 Oiliúint agus Forbairt

Tá sé mar bhunspríoc straitéiseach d'Údarás Áitiúla Chontae Phort Láirge forbairt a dhéanamh ar "lucht oibre atá oilte, solúbtha agus spreagtha agus comhairle tofa a thuigeann an timpeallacht athraitheach ina bhfuilimid." (Plean Corporáideach). Aithníonn na hÚdarás Áitiúla an tábhacht a bhaineann le lucht saothair atá chomh hoilte a bheith acu chun soláthar éifeachtach seirbhíse a chinntiú. Os rud é go bhfuiltear le leanúint ar aghaidh leis an bhfeabhsú seo, caithfidh Údarás Áitiúla Chontae Phort Láirge eolas, scileanna agus inniúlacht na foirne a fhorbairt go barr a gcuid cumais. Ciallóidh sé seo infheistíocht suntasach in oiliúint agus i bhforbairt thar tréimhse an Phlean Corporáideach.

I bhfianaise na straitéise thuasluaite mar atá sonraithe sa Phlean Corporáideach, chomh maith le hAcht na dTeangacha Oifigiúla agus an Scéim seo, déanfaidh an Rannóg Acmhainní Daonna an méid seo a leanas:

- Cinntiú go dtabharfar comh-ghríosadh agus comh-dheis do gach ball foirne a gcuid scileanna Gaeilge a fheabhsú trí oiliúint agus cúrsaí forbartha.
- Feasacht teanga a chur san áireamh i gcúrsaí oiliúna Insealbhairthe agus Seirbhísí Custaiméirí.
- Daoine a lorg ar bhonn deonach chun seirbhísí i nGaeilge a sholáthar ar feadh na nÚdarás Áitiúil. (Déanfar na daoine sin ar an bhfoireann a aithint ag pointí teagmhála chustaiméara, ar na liostaí gutháin agus ar an liosta ríomh-phoist).
- Cinntiú go bhfuil pé tacaíocht is gá tugtha do bhaill foirne atá toilteanach seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge ar bhonn deonach.
- Féachfaidh an Coiste Oiliúna ar na féidearthachtaí a bheidh ann oiliúint i seirbhís an chustaiméara maidir le deileáil le custaiméirí trí Ghaeilge a chur ar fáil.

4.4 Training & Development

It is a core strategic objective of Waterford County Local Authorities to develop "a highly skilled, flexible and motivated workforce and elected council responsive to the changing environment in which we operate" (Corporate Plan). The Local Authorities acknowledge the importance of having such a highly trained workforce to ensure efficient and effective delivery of service. If continued improvement is to be sustained, Waterford County Local Authorities must develop the knowledge, skills and competencies of all staff to full potential. This will involve significant investment in training and development over the term of the Corporate Plan.

In the light of the above strategy as outlined in the Corporate Plan, and the Official Languages Act and this Scheme, the Human Resources Section will:

- Ensure that all staff are given equal encouragement and opportunity to improve their Irish language skills through training and development courses.
- Include language awareness as part of both Induction and Customer Service training courses.
- Seek volunteers to provide Irish language services in relevant sections across the Local Authorities. (Such staff will be identified at customer contact points, on phone lists and on the e-mail list.)
- Ensure that staff volunteering to provide services through Irish will be given all necessary support.
- The Training Committee will examine the possibility of providing customer service training for dealing with customers in Irish.

4.5 An Ghaeltacht

Tá Gaeltacht na Rinne/An tSean Phobail i limistéar feidhme Chomhairle Contae Phort Láirge. Aithníonn an Chomhairle riachtanais faoi leith na Gaeltachta mar lárionaid ár n-oidhreacht teangeolaíochta agus cultúrtha. Tá an Chomhairle tiomanta an Ghaeltacht a chaomhnú agus a fhorbairt agus leanfar leis seo mar thosaíocht. Tá an Chomhairle tiomanta leis a chinntiú go bhfuil a cuid seirbhísí ar fáil as Gaeilge do mhuintir na Gaeltachta ach go háirithe. Níl aon oifigí de chuid Chomhairle Contae Phort Láirge lonnaithe sa Ghaeltacht féin. Sin ráite, de bharr gurb iad Oifigí Cathartha na Comhairle i nDún Garbhán a úsáideann muintir na Gaeltachta mar a gcuid oifigí áitiúla, tabharfaidh an Chomhairle Contae tosaíocht do chéimeanna chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí ar fáil go dátheangach sna hoifigí seo le linn saolré na scéime seo.

- Reachtáilfear cruinnithe poiblí sa Ghaeltacht trí Ghaeilge amháin nó go hiomlán dátheangach.
- Beidh eolas atá dírithe ar phobal na Gaeltachta ar fáil i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla, mar is cuí. San áireamh leis seo tá bróisiúirí agus bileoga, foirmeacha iarratais, preas-ráitis, doiciméidí polasaithe agus láithreán gréasáin, sa chás go bhfuil siad faoi smacht na Comhairle.
- Bainfidh na húdaráis áitiúla úsáid as an Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 chun críocha oifigiúla.

4.6 Gaelscoileanna & Eagraíochtaí Eile Gaeilge

Aithníonn Údaráis Áitiúla Chontae Phort Láirge tosaíochtaí teangeolaíochta faoi leith na scoileanna Gaeilge agus na Gaelscoileanna i gContae Phort Láirge, chomh maith le heagraíochtaí agus grúpaí eile Gaeilge atá ag feidhmiú sa chontae agus go náisiúnta. Tabharfar tosaíocht do sholáthar sheirbhísí do na heagrais agus na grúpaí áirithe seo thar saolré na scéime.

- Beidh aon chomhfhreagras a thosaítear le scoileanna Gaeilge, le Gaelscoileanna agus le heagraíochtaí nó grúpaí eile Gaeilge i nGaeilge amháin nó go dátheangach agus tabharfar tosaíocht do sholáthar sheirbhísí Gaeilge do na hinstitiúid agus na heagrais seo thar saolré na céad scéime.

4.5 An Ghaeltacht

The Gaeltacht area of An Rinn/An Sean Phobal falls within the functional area of Waterford County Council. The Council recognises the special needs of the Gaeltacht areas as centres of our linguistic heritage and culture. The Council is committed to the protection and development of the Gaeltacht and this will continue to be a priority. It is also committed to ensuring that its services are available in Irish to the people of the Gaeltacht in particular. Waterford County Council does not have any offices located directly in the Gaeltacht. However, as the Civic Offices in Dungarvan are the local offices used by the people of the Gaeltacht, the County Council shall prioritise steps to ensure that services are available bilingually in these offices within the lifetime of this scheme.

- Public meetings organised in the Gaeltacht shall be in Irish only or fully bilingual.
- Information directed at the public in the Gaeltacht will be available in Irish only, or in both English and Irish where appropriate. This includes brochures and leaflets, application forms, press releases, policy documents and website, where within the control of the Council.
- The Placenames (Ceantair Ghaeltachta) Order 2004, will be used by the local authorities for official purposes.

4.6 Gaelscoileanna & Other Irish Language Organisations

Waterford County Local Authorities also recognise and acknowledge the particular linguistic preferences of Irish language schools and Gaelscoileanna in County Waterford, as well as other Irish Language organisations and groups operating throughout the county and nationally. The provision of services in Irish to these particular bodies and groups will be prioritised over the lifetime of this scheme.

- Any dealings initiated with Irish language schools, Gaelscoileanna and other Irish speaking groups or organisations shall be in the Irish language only or bilingual and provision of an Irish language service to such institutions and organisations will be prioritised over the lifetime of the first scheme.

Caibidil 5

Monatóireacht, Athbhreithniú & Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe

5.1 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Coimeádfaidh An Grúpa Bainistíochta Sinsearaí laistigh d'Údaráis Áitiúla Chontae Phort Láirge gníomhú éifeachtach na scéime faoi athbhreithniú.

Is é an bainisteoir líne i ngach ceann de na Rannóga a bheidh freagrach go príomhdha as feidhmiú na scéime laistigh dá réimse féin, le tacaíocht ón Oifigeach Gaeilge, agus tuairisceoidh an bainisteoir sin ar bhonn rialta chuig a Stiúrthóir Seirbhísí féin. Beidh sonraí faoin dul chun cinn foilsithe i dTuairisc Bhliantúil Údaráis Áitiúla Chontae Phort Láirge.

5.2 Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe

Déanfar poiblíocht ar a bhfuil sa scéim seo, mar aon le tiomantais agus forálacha na scéime, don phobal i gcoitinne ar na slí seo a leanas:-

- Preas-Ráiteas;
- Seoladh Oifigiúil na scéime;
- Fógraíocht ar na forálacha;
- Scaipeadh chuig na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí poiblí cuí;
- Láithreán Gréasáin.

Tá cóip den scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla freisin.

Chapter 5

Monitoring, Revision & Publicising of Agreed Scheme

5.1 Monitoring & Revision

The Senior Management Group within Waterford County Local Authorities will keep the effective operation of this scheme under review.

The day-to-day monitoring function will be carried out primarily by line managers in each of the Sections (who are responsible for the implementation of the scheme within their own areas), with the assistance of the Irish Officer, and will report on a regular basis to the relevant Director of Services. Details of progress will be published in Waterford County Local Authorities' Annual Report.

5.2 Publicising of Agreed Scheme

The contents of this scheme, along with the commitments and provisions of the scheme, will be publicised to the general public by means of:-

- Press Release;
- Official Launch of the scheme;
- Advertising of provisions;
- Circulation to appropriate agencies and public bodies;
- Website.

A copy of this scheme has also been forwarded to Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

Aipindic 1

Torthaí an tSuirbhé Chustaiméara - Nollaig 2004

Ar lorg tú ariamh do ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge?

| | Minicíocht | Céatadán |
|-------------|------------|----------|
| Lorg | 22 | 3 |
| Níor lorg | 598 | 97 |
| Gan freagra | 1 | 0 |
| Iomlán | 621 | 100 |

• *Luaigh furmhór na ndaoine easpa líofachta (ar a son féin (sic)) mar chúis gan an tseirbhís seo a lorg.*

Céatadán an-bheag díobh siúd a cuireadh faoi agallamh a dhein iarracht ag aon am a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge (22), agus thug 13 measúnú mar a leanas:

Sástacht leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil trí Ghaeilge

| | Minicíocht | Céatadán |
|---------------------------------|------------|----------|
| Míshásta | 3 | 0 |
| Gan a bheith sásta nó mhíshásta | 2 | 0 |
| Sásta | 5 | 2 |
| An-shásta | 3 | 0 |
| Gan freagra | 608 | 98 |
| Iomlán | 621 | 100 |

Dúirt iomlán de 46 chustaiméara go mbainfeadh siad leas as seirbhís trí Ghaeilge dá mbeadh sé ar fáil ar chomh-chaighdeán leis an tseirbhís trí Béarla.

An t-aon phointe suntasach ná, ó na 16 chustaiméara a cuireadh faoi agallamh a bhí ina gcónaí sa Rinn, ní dúirt ach seisear gur lorg siad seirbhís trí Ghaeilge, le seisear eile i nDún Garbhán. Bhí an fuíollach scaipithe ar fud an chontae.

Appendix 1

Results of Customer Survey - December 2004

Have you ever looked to conduct your business through Irish?

| | Frequency | Percent |
|-------------|-----------|---------|
| Yes | 22 | 3 |
| No | 598 | 97 |
| No response | 1 | 0 |
| Total | 621 | 100 |

• *Most people cited lack of fluency (on their own part (sic)) as the reason for not looking for this service.*

A very small proportion of those interviewed had at any time attempted to conduct their business through Irish (22), 13 gave it a rating as follows:

Satisfaction with service provided through Irish

| | Frequency | Percent |
|----------------|-----------|---------|
| Dissatisfied | 3 | 0 |
| Neither | 2 | 0 |
| Satisfied | 5 | 2 |
| Very satisfied | 3 | 0 |
| No response | 608 | 98 |
| Total | 621 | 100 |

A total of 46 customers said they would avail of a service through Irish if it were available at a comparable standard to English.

The only point of note was that of the 16 customers interviewed who lived in Ring, just 6 said that they had looked to conduct their business through Irish, with 6 more in Dungarvan. The remainder were well spread throughout the county.




Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas
Agriculture, Education, Health & Welfare




Griosaictaí agus Smachtanna Forbartha
Development Incentives and Control





Soláthar Uisce agus Séarachais
Water Supply and Sewerage



Ginearálta agus Ighnéitheach
General and Miscellaneous

**COMHAIRLE CONTAE
PHORT LÁIRGE**

Oifigi Cathartha, Dún Garbhán,
Co. Phort Láirge.
Guthán: 058 22000.
Gréasán: www.waterfordcoco.ie



**WATERFORD COUNTY
COUNCIL**

Civic Offices, Dungarvan,
Co. Waterford.
Tel: 058 22000.
Web: www.waterfordcoco.ie